NUI Galway
OÉ Gaillimh

ARAN - Access to Research at NUI Galway

Provided by the author(s) and NUI Galway in accordance with publisher policies. Please cite the published version when available.

Title	Fiannaíocht: Scian Go Mbuaidh Le Fionn Mac Cumhaill
Author(s)	Mac Congáil, Nollaig
Publication Date	2002
Publication Information	Mac Congáil, N. (2002) 'Fiannaíocht: Scian go mBuaidh le Fionn Mac Cumhaill' in Feasta, Iml. 55, Uimh. 1 14-18.
Item record	http://hdl.handle.net/10379/1515

Downloaded 2017-11-01T01:20:13Z

Some rights reserved. For more information, please see the item record link above.

FIANNAÍOCHT: SCIAN GO mBUAIDH le Fionn Mac Cumhaill

Nollaig Mac Congáil

Duine ar bith a bhfuil cur amach aige ar scríbhinní chlann Mhic Grianna, tuigeann sé gur fhág seanchas agus filíocht Rann na Feirste lorg mór ar a gcuid scríbhneoireachta. Bhí an-mheas ag Séamus agus ag Seosamh ar an éadáil sin, a chruthú sin ar scríobh siad faoin ábhar. Thar aon chineál eile, áfach, bhí toighis acu don Fhiannaíocht.[1] Is minic an chaint seo a leanas nó a macasamhail i mbéal Mháire:

> Na scéaltaí Fiannaíochta atá ag muintir Rann na Feirste tá siad iontach maith. Bheir siad ort suim a chur i seanchas na Féinne i bhfad níos fearr, ná dá mba iad na laoithe an chéad rud a chluinfeá. Instear an scéal i nGaeilig dheas bheacht… Má théid tú choíche go Rann na Feirste cuir Johnny Sheimisín[2] ar obair ar scéal Fiannaíochta. Agus cuirfidh mé geall leat go bhfaighidh tú aige mar a dúirt mé.[3]

Nó Seosamh agus an port céanna aige:

> Tá siad uilig mar chairde agam, Faolán Mhac Fhinn, Conán Maol, fear caite na gcloch, Corr Cosluath Céadghoineach, Caoilte Mhac Rónáin… Thig siad i mo thimpeall, an slua laochra fána ndealramh de bhrait shíoda, de chlogaid agus de chlaimhte solasmhara, agus an chonairt ar na hiallacha leo; agus cluinim gáir na seilge agus tormán na gcath. Agus, i mo shuí anseo agus am luí domhain ann, smaoiním ar an dream bheag daoine a théid isteach 'ach a'n oíche go tithe na bpictiúr a dh'amharc ar '*Felix the Cat*' agus deirim liom féin: "Anois an uair nach maireann siad!"[4]

As measc na scéalta Fiannaíochta uilig a ndearna Máire tagairt dóibh i rith a shaoil agus a bhfuil eolas ag an tsaol mhór orthu, luaigh sé ceann amháin a raibh an dúmheas aige air ach nach raibh cloiste ná léite agam go dtí ar na mallaibh. Cúpla tagairt a chonaic mé aige i dtús a ré scríbhneoireachta a mhúscail mo spéis sa scéal Fiannaíochta *Scian go mBuaidh* an chéad lá riamh. A leithéid seo aige, mar shampla:

---

[1] Féach, Pádraig Ó Baoighill, *Amhráin Hiúdaí Fheilimí agus Laoithe Fiannaíochta as Rann na Feirste* (Preas Uladh, Muineachán, 2001).
[2] Féach, Niall Ó Domhnaill, *Scéalta Johnny Sheimisín* (Comhaltas Uladh, 1948).
[3] *Rann na Feirste* (An Press Náisiúnta, g.d.) 211.
[4] Nollaig Mac Congáil (eag.), *Ailt: Saothar Sheosaimh Mhic Grianna, Cuid a* Dó (Comhaltas Uladh, 1977) 42.

> … hIarradh air scéal a inse fán *Scian go mBuaidh*. Tháinig lúcháir ar mo chroí féin, mar shíl mé go gcluinfinn an scéal breá seo ar ais – go gcluinfinn é mar a d'inseadh Donnchadh Chathail é – go gcluinfinn cad é mar a chaill an Fhéinn an scian i dteach na coirme, mar a chruinnigh an namhaid ar Gholl, agus mar a thug sé na sála leis eadar cleith agus ursa; mar a bhain sé amach *Scian go mBuaidh* le neart coirp agus treise lámh; mar a cuireadh cuireadh feille chuige ina dhiaidh sin, mar a thug sé leis Conán agus an scian, agus mar a shábháil an fear maol agus an lann a bheo dó. Tá mé ag inse duit go dtáinig coinnle ar mo shúile le lúcháir nuair a chuala mé iomrá ar an scéal.[5]

Scéal dea-chumtha snasta Fiannaíochta a raibh scoth na Gaeilge dúchais ann, dar leis, chan ionann is macasamhail *Humpty Dumpty* agus greamanna coganta eile a bhíthear a chur os comhair lucht foghlama na Gaeilge agus nach raibh thar mholadh beirte ó thaobh an ábhair ná na Gaeilge de.

> *There is a story told in Irish about how the champion of the Fianna, Goll Mac Morna, was asked one day by his O.C. to take Caoilte and Conán with him and go out in search of a famous dagger which had been stolen by one of the rival clans. Goll, on hearing who were being sent along with him, thus replied**: 'Tá dona go leor má tá an dá dhonán is mó ar an Fhéinn ag gabháil liomsa**.' Well might the old, native tongue say: '**Tá dona go leor** if my partners in this battle are to be '**Rialtas Sealadach**' and 'Humpty Dumpty.' **Tá dona go leor** if the old stories of the Red Branch Knights and the Fianna must make room for stories of which only the words are Irish. **Tá dona go leor** if the Gaelic form of telling a story with its natural introduction, its easy transition from one idea to another, its concentration on the main theme and its disregard for detail**, tá dona go leor** if all this is to be replaced by explosive openings and lengthy descriptions of golden sunsets and amber twilights with a girl in pink gathering flowers in the foreground. **Tá dona go leor** if our poetry, although Irish in words, be no more Irish in spirit than Moore's melodies… An attempt is being made by the **donáns** to do away with the only thing worth the name of Gaelic and to replace it by a jargon which is neither English nor Irish.*[6]

Níonn Máire tagairt don scéal seo arís in *Mo Dhá Róisín* agus, an iarraidh seo, luaitear ainm Fhinn leis. Seo a leanas Labhras Óg ag caint lena Chailín Donn:

---

[5] Luaite in *Oíche Fhéile na Marbh*. Féach, Nollaig Mac Congáil, *Máire – Clár Saothair* (Coiscéim, 1990) 55.

[6] 'Irish in Free State,' *The Derry Journal* (24.3.22, 6).

"Tá mé in aimhréitigh ins an rud uilig. Tá mé ar seachrán ins an *Teach a Thóg Seán*. Titeann *Humpaí Dumpaí* fríd mo mhéara agus buaileann *Asal Shéamais Bhearnaigh* lena shála sa chár mé. Is fearr i bhfad a thuigim *Scian go mBuaidh* agus na rudaí eile a mhúineas Fionn."
"Is é, ach, a Labhrais, cainteoir dúchais thusa agus tuigeann tú *Scian go mBuaidh*. Ní thuigeann an chuid eile againn é. Sin é an fáth go bhfuil na rámáis bheaga sin eile againn. Tá siad an-úsáideach ar fad ag daoine atá ag toiseacht. Más fear thú a leanas do theagasc Gaeilge, gheobhaidh tú amach roimh dheireadh do shaoil go bhfuil *Humpaí Dumpaí* ina dhóigh féin chomh húsáideach le *Scian go mBuaidh*. Caithfidh tú cuimhneamh nach bhfuil bunús a bhfuil ar an choláiste ach mar a bheadh páistí ann. Agus ní thuigeann páistí rud mar a bheadh *Scian go mBuaidh* ann an chéad lá in Éirinn. Tá sí róchruaidh acu agus bhainfeadh sí an cár astu. Cineál de ghreim coganta *Humpaí Dumpaí* agus *Asal Shéamais Bhearnaigh*."

D'éirigh liom leagan den scéal a aimsiú ar an mallaibh agus, chomh dócha lena athrach, go bhfuil an leagan seo deas go maith don leagan a bhí ar eolas ag Máire agus a mbíodh sé ag maíomh as.

SCIAN GO mBUAIDH[7]

Lá dá raibh na Fianna amuigh ag seilg, chaill siad *Scian go mBuaidh*. Bhí sé de chumhacht ag an scin dá mbeifeá gan ach í a leagan ar cheathrú d'éan, gheobhadh seacht gcatha na Féinne a sáith. Ach mar chaill siad an scian an lá seo, bhí siad beagnach ina dtroscadh san oíche. Bhí Cúirt san áit nach nochtfadh ach i gceann achan seachtú bliain agus bhí eagla mhór ar an Fhéinn roimh bhunadh na Cúirte.
Chaith na Fianna crainn eatarthu féin cé a rachadh a dh'iarraidh na scine. Thit na crainn ar Chaoilte Chróga Mac Creafainn, Oisín Mac Fhinn agus Goll Mór Mac Móirne.
"Tá dona go leor," arsa Goll, "má tá an dá dhonán is mó ar an Fhéinn ag gabháil liomsa. Ach ní mar sin a dhéanfas mise é. Déanaimid trí dtrian den oíche agus chead ag fear a ghabháil amach gach trian."
Rinne siad amhlaidh.

---

[7] Chuir Fionn Mhac Cumhaill an scéal seo i gcló ar *The Derry Journal* (14.4.22, 6; 21.4.22, 6; 28.4.22, 6). Tá tagairt déanta don scian seo sa laoi Fiannaíochta 'Laoi Cholainn gan Cheann' atá curtha in eagar agus a bheas i gcló ag mo chara an Dr. Máirtín Ó Briain amach anseo. Tá mé buíoch de as an tagairt seo a sholáthar dom.

D'fhágaibh sí trí seoda againn ar an bhFéinn,
Is maith is meabhair liom le mo linn,
An corn a bhí ag Oscar mac Oisín fhéil,
Agus an scian bhreá ríméadach a bhí ag Fionn.

Mura dtarraingfí í ach as truaill,
Scian na mbua agus an mhaide bhreá,
Mura ngearrtaí léi ach ceathrú éin,
Don Fhéinn uilig go dtabharfadh a sáith.

Thit an chéad trian ar Oisín Mac Fhinn. Bhog sé leis agus ní fada a chuaigh sé gur casadh Fear Beag Ribeach Rua air.
"Tá a fhios agamsa cá bhfuil tú ag gabháil," arsa an Fear Beag Ribeach Rua. "Tá tú ag gabháil a dh'iarraidh *Scian go mBuaidh*, ach má chuireann tú trí troithe de thalamh ormsa, bhéarfaidh mé corn duit a bhéarfas fuíoll bídh agus dí do sheacht gcatha na Féinne."
"Mo dhona agus mo dhothairne ormsa," arsa Oisín, "gur gairid a bheas mise á dhéanamh sin leat."
Bheir siad ar a chéile ansin ins na snaidhmeanna cruaidhe coraíochta, [8]go dtearn siad bogán den chreagán, creagán den bhogán, tobar beag fíoruisce i lár na gcloch nglas, briseadh na húire, lúbadh na gcrann; dá dtigeadh éan ó íochtar an domhain go huachtar an domhain, is ar an dís seo a thiocfadh sé a dh'amharc; agus dá mbeinnse, tusa, nó fear na háibhéala ann, bheadh an scéal níos faide. Ach, le scéal fada a dhéanamh gairid agus scéal gairid a dhéanamh maith, chuir Oisín na trí troithe de thalamh air, fuair an corn agus phill chun an bhaile.
Ní raibh cead ag éinneach acu a inse don duine eile cad é mar a tharla leis go dtiocfadh an mhaidin.
Ar a theacht chun an bhaile d'Oisín, scairt sé le Caoilte Cróga.
"A Chaoilte, an bhfuil tú 'do chodladh?"
"Níl," arsa Caoilte.
"Muna bhfuil, seo do thrian den oíche."
D'éirigh Caoilte, bhog leis, smaoinigh go rachadh sé go dtí an Chúirt go n-amharcóchadh sé isteach go bhfeiceadh sé cad é a bhí ag gabháil ar aghaidh ansin. Rinne sé amhlaidh.
Ar a amharc isteach sa Chúirt dó, tí sé bunadh na Cúirte ina suí thart agus *Scian go mBuaidh* ag gabháil ó láimh go láimh acu. Shuigh sé isteach ag an doras agus, nuair a tháinig an scian a fhad leisean, thug sé sáitheadh dóibh thall agus abhus agus mharbh uile go léir iad ach duine amháin a d'imigh eadar cleith agus ursa air.
Phill sé chun an bhaile agus *Scian go mBuaidh* leis. Ar a theacht chun an bhaile dó, scairt sé le Goll.
"A Ghoill, an bhfuil tú 'do chodladh?"
"Níl," arsa Goll.
"Muna bhfuil, seo do thrian den oíche."
D'éirigh Goll de léim ina sheasamh, tharraing seacht nó ocht de chrainn mhóra as an talamh, chuir lasóg iontu mar a dhéanfadh sinne le coinneal ghiúis, an solas a bhí ó sin, bhéarfadh sé dealramh don Domhan Thoir. Ní raibh dul aige *Scian go mBuaidh* a fheiceáil. Threabh sé ón lic léith aníos lena dhá chráig, ní raibh dul aige *Scian go mBuaidh* a fháil. Smaoinigh sé ansin go rachadh sé go dtí an Chúirt go n-amharcóchadh sé isteach go bhfeiceadh sé cad é a bhí ag gabháil ar aghaidh ansin. Rinne sé amhlaidh.

---

[8] Cuimhnítear ar a raibh le rá ag Seosamh Mac Grianna faoin dóigh a ndeachaigh an traidisiún béil i bhfeidhm air in aimsir a óige:
I heard the most of the folktales, and absorbed their literary expressions, that I was to appreciate in later years. I remember many a combat in which the combatants 'made a rock of the swamp, and a swamp of the rock, and made clean wells of pure water in the heart of the green stones; so that if a being came from the floor of the world to the roof of the world, it would be to gaze in curiosity and wonder on the twain he would come…' (Nollaig Mac Congáil, *Seosamh Mac Grianna/Iolann Fionn – Clár Saothair* (Coiscéim, 1990) 3). Féach, fosta, Niall Ó Domhnaill, *Scéalta Johnny Sheimisín* (Comhaltas Uladh, 1953) 20.

Ar a amharc isteach sa Chúirt dó, ní fhaca sé duine ar bith ansin ach seanfhathach mór agus a sheanbhean, agus iad ag déanamh a suipéara. Agus ba é an suipéar a bhí siad a dhéanamh, ag ithe na gcorp a mharbh Caoilte Cróga.
Bhí coinnleoir ar an tábla a raibh cúig shúil nimhe air agus, ar a ghabháil isteach do Gholl, beiridh sé greim ar an choinnleoir.
"Fág 'do dhiaidh an coinnleoir sin," arsa an fathach.
"Chan fhágaim," arsa Goll.
"Fág 'do dhiaidh an coinnleoir sin," arsa an fathach ar ais go feargach.
"Chan fhágaim," arsa Goll agus buailidh sé an fathach agus steall na cúig cinn de gan uile gan easbhaidh.
"Beidh daor ort," arsa an tseanchailleach a bhí sa choirneál. "Rinne tú baintreach díom féin agus dílleachtaí de mo chuid páistí ach is beag i mo chrágasa anocht thú."
D'éirigh sí, ghearr stríoc i lár an urláir.
"Anois," ar sise le Goll, "téigh thusa go dtí an ceann íochtarach den teach agus rachaidh mise go dtí an ceann uachtarach agus cé bith a bheas ag an stríoc ar dtús, bíodh a rogha greim aige."
Rinne siad amhlaidh. Bhí an tseanchailleach ag an stríoc ar dtús, fuair greim ar Gholl, bhuail ar an cheann uachtarach den teach é agus hóbair[9] gur mharbh.
"Tá dona go leor," arsa Goll, "má tá mise ag gabháil a thitim le seanchailleach lúbtha bhearnach i ndiaidh gach gaiscíoch breá dár chuir mé fríd mo lámha riamh."
Fuair sé athghreim uirthi agus bhí ag teannadh ar a chúl go bhfuair sé a thaca a chur le balla, bhuail sé thuas ar an fharaidh í agus mharbh. Bhuail sé le barr a choise í ansin agus steall soir go dtí an doras. Chuartaigh sé thart go bhfuair sé claíomh an fhathaigh. Ach nuair ba mhian le Goll a ghabháil amach ní raibh aon áit sa Chúirt a bhí chomh daingean leis an doras.
"Mo dhona agus mo dhothairne ormsa," arsa Goll, "go rachainnse amach san áit is daingne sa Chúirt chan é amháin a ghabháil amach san áit a dtáinig mé isteach."
Ach, os a choinne, léim naoi ndeichniúr naoi n-uaire de mhulcadána maola rua agus bheannaigh go dian docúlach do Gholl Mac Móirne faoina gcuid airm agus éadaigh.
Ní raibh Goll in áit a chartaidh riamh go dtí seo. Shéid eadar é féin agus an dream beag ach, le scéal fada a dhéanamh gairid agus scéal gairid a dhéanamh maith, steall Goll na cinn díobh uile go léir ach duine amháin a d'imigh eadar cleith agus ursa. Phill sé chun an bhaile agus bodhránacht an lae ann.
Fionn a bhí ina rí orthu san am. Chuir sé ceist ar dtús ar Oisín cad é mar a tharla leis.
"Tá," arsa Oisín, "fuair mise corn a bhéarfas fuíoll bídh agus dí do sheacht gcatha na Féinne i ndiaidh troda cruaidh le Fear Beag Ribeach Rua."
"Maith thú," arsa Fionn. "A Chaoilte, cad é mar a tharla leatsa?"
"Tá," arsa Caoilte, "fuair mise *Scian go mBuaidh*."
"Maith thú," arsa Fionn. "A Ghoill, cad é mar a tharla leatsa?"
"Tá," arsa Goll, "ní fhaca mise *Scian go mBuaidh* ar chor ar bith, ach an Chúirt sin a raibh an eagla orainn roimpi riamh, tá sí faoinár smacht anocht agus ní bhfuair mé oiread le déanamh riamh agus a fuair mé le dream nach raibh toghna."[10]

---

[9] *Dh'fhobair* sa téacs bunaidh.
[10] J.N. Hamilton, *The Irish of Tory Island* (Institute of Irish Studies, Q.U.B. 1974) 333 sub **toghna** [tE:n∂] *excellent*. Féach, fosta, **taghna** a bhfuil nóta faoi ag Séamus Mac an Bhaird in *Troid Bhaile an Droichid* (Preas Dhún Dealgan, g.d.) 28: '*fairish, good, tolerable. Perhaps for* ***toghanda****. Ex. – An sgian mhaith í*

“Maith thú,” arsa Fionn, “ní fhaca mé riamh níos measa thú.”
Le neart ollghairdeachais chuaigh siad amach lá arna mhárach a sheilg agus a dh’amharc ar an Chúirt. Ní fada a chuaigh siad go bhfaca siad chucu buachaill beag ribeach rua agus é ag umhlú ar achan choiscéim don rí.
“Cad é atá uait?” arsa Fionn.
“Máistir,” arsa an buachaill beag.
“Cad é a thig leat a dhéanamh?”
“Cuirim beirt fá ‘ach tinidh, beirt fá ‘ach leabaidh, agus an tseilg a mhairbhfidh sibh amuigh sa lá, beidh sé réidh agamsa fá bhur gcoinne nuair a thiocfas sibh chun an bhaile san oíche.”
“Mo dhona agus mo dhothairne ormsa,” arsa Fionn, “gur tú an buachaill beag is fearr a casadh orm riamh.”
Rinne sé é a fhostó agus thaispeáin an bealach chun an bhaile dó.
B’fhíor don bhuachaill bheag. An tseilg a mharbh siad an lá sin, bhí sé réidh aige fána gcoinne an oíche sin. Ach ní raibh sé ach de gheall ar cur eatarthu. Beirt a chuir sé fá thinidh agus leabaidh, Fionn agus Conán, agus cé bith seort duine a bhí i gConán, ní fhaca sé luí buille riamh le bualadh nach mbuailfeadh sé, ná focal ar bith le rá nach ndéarfadh sé.
Bhí gnás ag Fionn goradh chúl cos a thabhairt dó féin leis an tinidh sula dtéadh sé a luí agus dar le Conán gur mhaith an luí buille a bhí ar an diúlach sna hioscada, tharraing air a chlaíomh, chnag Fionn agus thit Fionn sa tinidh.
Nuair a mheas Conán go raibh an diúlach rósta go leor, tharraing sé amach é agus chaith ar an tsop.
Bhí súil Ghoill i gcónaí ar Chonán. Ní raibh de dheartháir dhlisteanach ag Goll ach Conán ach go raibh seacht ndeartháireacha fichead de leasdheartháireacha aige i gCruachan Chonnacht. Ní raibh Goll in áit a chartaidh riamh go dtí seo.
“Deifir,” ar seisean le Conán, “ agus muscail a bhfuil de chlanna Móirne istigh nó, muna bhfaighimid a fhad le Cruachan Chonnacht sula n-éirí an diúlach as a néal, mairbhfidh sé féin agus a chuid fear sinn uilig.”
Ba de chlanna Móirne Goll agus a dhream agus ba de chlanna Baoiscne Fionn agus a dhream.
Rinne Conán mar a hiarradh air. D’imigh Goll agus Conán bealach dóibh féin ag tarraingt ar Chruachan Chonnacht agus an chuid eile de chlanna Móirne bealach dóibh féin.
Ní fada a chuaigh siad gur mhothaigh siad tuargán.
“Cad é siúd?” arsa Goll le Conán.
“Níl a fhios agam,” arsa Conán.
“Tabhair do d’aire,” arsa Goll, “gur an diúlach a d’éirigh as a néal, gur chogain sé a ordóg go bhfuair sé fios ár mbealaigh, gur ghearr sé féin agus a chuid fear na haichearracha agus go bhfuil ár gcuid fear uilig marbh.”

---

*sin? Tá sí **taghna** fá choinne na hócáide seo, acht ní úsaid ar bith eile í. Is that a good knife? Well, it is all right, or good enough, for this purpose (say, splitting or slitting potatoes), but useless for anything else. It is probably from **togha**, choice, but we pronounce it **taghna** (taena). However, we pronounce **togha** and **rogha** too as if they were **tagha** and **ragha**.’* Tugann mo chara, an Dr. Lillis Ó Laoire ó Ollscoil Luimnigh an t-eolas seo a leanas faoin fhocal: ‘Is cosúil gurb í an chiall
‘maith/ceart go leor’ an phríomhbhrí atá leis. Beirt a dhearbhaigh sin, Éamonn Mac Ruairí, 72, Toraigh agus an Seanbhaile agus a bhean Beil, 60, as an tSeanbhaile (Fál Carrach) ó dhúchas.’

Tharraing siad ar an áit a raibh an tuargán agus an támhach táisc.
B'fhíor do Gholl. Bhí clanna Móirne uilig marbh ag clanna Baoisne.
Shéid eatarthu féin agus Goll agus Conán ansin.
Nuair a bhí siad ag gabháil siar Béal Bhearnais, marbhadh Conán. D'iompair Goll Conán faoi ascaill agus chosain é féin go raibh sé thoir ag tóin Ros Goill. Bhíthear ag cur chomh cruaidh air ansin gurbh éigean dó léim a thabhairt amach ar lorg chúil a chinn ar charraig mara atá ansin a bhfuil carraig Ghoill uirthi ón lá sin go dtí an lá inniu.[11]
Nuair a bhí sé seal aimsire ansin smaoinigh a bhean go rachadh sí amach a dh'amharc air. Ba í níon Fhinn a bhí pósta ar Gholl. Chogain Fionn an ordóg agus fuair sé fios cá raibh sí ag gabháil.
"Tá tú ag gabháil a dh'amharc ar d'fhear inniu," arsa seisean.
"Tá," arsa sise. "An bhfuil aon scéal agat le cur chuige?"
"Tá," ar seisean, "iarr air a sháith de na coirp a ithe agus nach maith liom a bhás go fóill."
Shnámh sí amach a dh'amharc ar a fear.
"Fáilte romhat," arsa seisean. "An bhfuil aon scéal leat ionsorm?"
"Tá," arsa sise. "D'iarr m'athair ort do sháith de na coirp a ithe agus nach maith leis do bhás go fóill."
"Mo bheannacht duitse," arsa Goll, "agus mo mhallacht d'oide do mhúinte. Comhairle mná ó thaobh [sic!] ó dheas, ní thearnas agus ní dhéanfad. Tá mé beo anseo le seacht dtráigh fhichead ag ól an tsáile thuile ruaidhe, ag ithe na fraochóige fliche fuaire. Tiocfaidh Mac Smóil Mac Smóla amárach, mairbhfidh seisean mise agus mairbhfidh mise é agus nach gránna an scéal é le hinse gur muc mo chéad éacht agus gur muc m'éacht dheireanach."
Tháinig Mac Smóil lá arna mhárach ina phréachán agus d'amharc anuas ar Gholl. D'amharc Goll suas. Tharraing an fear thuas a chlaíomh agus scoilt cloigeann Ghoill.
"A Ghoill," ar seisean, "an bhfuil tú inleighis?"
"Muna bhfuil féin," arsa Goll, "ní bheidh tusa inscéalaíochta," ag tarraingt an dara buile. Thit an fear thuas. Thit an bheirt bonn ar bhonn le chéile.
Sin mar a thit Goll.[12]

Ag Fionn Mac Cumhaill,[13] fear agus údar a raibh aithne mhaith ag Máire[14] air féin agus ar a mhuintir, a fuair mé an leagan thuas den scéal.

---

[11] '*Rosgoill is said to have received its name from Goll Mac Morna, one of the heroes of the Fianna… There is a rock off the coast of Dooey called Carraig Ghoill, where Goll is said to have been slain*' (Leslie W. Lucas, *Mevagh Down The Years* (Volturna Press, 1972) 14-5).
[12] Féach, fosta, Niall Ó Dónaill, *Seanchas na Féinne* (An Gúm, 1998) 174-9 agus Tadhg Ó Donnchadha, *Filidheacht Fiannaigheachta* (Cómhlucht Oideachais na hÉireann, g.d.) 107-12.
[13] Féach, Diarmuid Breathnach agus Máire Ní Mhurchú, *1882-1982 Beathaisnéis a Dó* (An Clóchomhar, 1990) 52-3.
Deir Fionn faoina chur amach ar chúrsaí béaloidis: 'A dhálta na ndaoine eile a tógadh san áit ar tógadh mise, fuair mé béaloideas leis an ghreim a chuir mé in mo bhéal ó bhí mé sé mhí d'aois. Cá bhfuil an té a tógadh sna Rosa nach bhfuair béaloideas an chéad lá riamh a cuireadh neam ar an spanóig bhig dó?' ('Béaloideas,' *Scéala Éireann* (5.3.32) 4).
[14] Chuir Máire aithne mhaith i dtús báire ar a dheartháir thall in Albain (féach, 'An Máistir Mac Comhail,' *Saol Corrach* (Cló Mercier, 1981) 16-26, rud a chuir cor mór ina chinniúint. Ba chosúil saol Mháire le saol Fhinn ar go leor bealaí tábhachtacha m.sh. bhí baint acu beirt le Coláiste Uladh, Gort an Choirce; bhí páirt

Tá an méid seo a leanas le rá ag Séamas Ó Searcaigh faoin údar Chonallach Fionn Mac Cumhaill agus is maith is fiú a chuid cainte a aithris anseo:

> Rugadh agus tógadh é i Leitir Catha sna Rosa i dTír Chonaill i lár na Gaeltachta. Bhí oidhríocht na Gaeltachta, mar a bhí, an ceol agus an Fhiannaíocht agus na seanfhocla, leis as a óige. Bhí sé de bhuaidh aige dá gcluineadh sé scéal nó amhrán aon uair amháin go mbeadh sé leis focal ar fhocal mar a bhí ag an té a chan é. Thigeadh sé amach as teach an phobail i ndiaidh seanmóra agus théadh sé siar ar an tseanmóir gan athrú focail a chur inti ach a rá mar a dúirt an sagart í.[15]

Is féidir a bheith measartha cinnte, mar sin, go bhfuil leagan Fhinn de *Scian go mBuaidh* dílis don leagan béil a chuala sé sa bhaile.[16] Anuas air sin, is féidir a bheith measartha cinnte go bhfuil an leagan seo deas go maith don leagan a bhí ar eolas ag Máire agus muintir Rann na Feirste i gcoitinne ós rud é gurbh é an scéalaí céanna, mar atá, Donnchadh Chathail, 'an fear Fiannaíochta ab fhearr sna trí phobal,'[17] a d'aithriseadh an scéal i Rann na Feirste agus sa bhaile i Leitir Catha. Mhaígh Máire go raibh

> … cuid Fiannaíochta Dhonnchaidh Chathail agam mar a bhí acu féin (muintir na gCnoc).[18]

Ar ndóigh, dúradh faoi dheartháir Fhinn gur

> … ag Donnchadh Chathail a chaith sé an mhórchuid dá am nuair a bhí sé óg.[19]

Chomh dócha lena athrach, rinne Fionn aithris ar a dheartháir agus tharraing sé ar Dhonnchadh Chathail agus chuir a chuid scéalaíochta de ghlanmheabhair.[20]

---

acu i gCogadh na Saoirse; foilsíodh saothar leo ar *The Derry Journal*; luadh iad ar fhoireann teagaisc Ollscoil Uladh srl.

[15] *Nua-Sgríbhneoirí na Gaedhilge* (Brún agus Ó Nualláin, 1934) 137.

[16] Tá scéalta béaloidis eile i gcló ag Fionn Mac Cumhaill m.sh. 'Mar Chuaigh Oisín go Tír na hÓige' i gcló ar *The Derry Journal* (26.5.22, 6, 2.6.22, 6, 9.6.22, 6, 16.6.22, 6) agus *An Dochartach* [Fionn Mhac Cumhaill a scríobh do Chumann Liteardha Chúigidh Uladh. Preas Dhún Dealgan, g.d. ach léirmheas air in *Studies*, 1924]. Tá cáil idirnáisiúnta ar *An Dochartach* mar scéal béaloidis, AT 506 (féach, Cathal Póirtéir, *Micí Sheáin Néill: Scéalaí agus Scéalta* (Coiscéim, 1993) 81.

[17] *Saol Corrach* (Cló Mercier, 1981) 10.

[18] Op. cit. 125.

[19] Op. cit. 10.

[20] Agus é ag cur síos ar stair Choláiste Uladh, Cloich Cheann Fhaolaidh, dúirt Séamus Ó Searcaigh go raibh 'an *Sgian go mBuaidh* ag Fionn Mhac Cumhaill' (*Cloich Cheann Fhaolaidh* (H.M. Gill & A Mhac, 1911) 19.

Is duine é Fionn Mac Cumhaill nach bhfuil an oiread sin eolais againn faoi. Gan amhras, tá liosta againn dá chuid leabhar, ina measc, *Sraith 'Sgian go mBuaidh.'*[21] Níor cláraíodh a chuid alt ar foilsíodh cuid acu ar *The Derry Journal* agus *Scéala Éireann* i mblianta luatha an nuachtáin sin.[22] Tá méid áirithe eolais againn faoina shaol. Ach tá rudaí eile ann faoi arbh fhiú a thuilleadh taighde a dhéanamh fúthu. Mar shampla, an bhaint a bhí aige leis an scoil seo a leanas:

ONE WAY TO COMMERCIALISE THE LANGUAGE

> *A Gaelic High School, we might term it, is the best description of a new college opened in the Strand Road by Mr. Fionn Mac Cool. The object of the college is to cater for the needs of the professional and commercial classes, as likewise students from country districts who wish to arrange private or class tuitions during the day. It is a splendid opportunity, and the principal requires no further proof of his capacity than that he is the author of* ***Maicín*** *and the fine series of articles now appearing in this paper. The College is now open, and intending students should enrol at once as classes for beginners are being arranged, as likewise others for advanced students.*[23]

Nó an comhlacht foilsitheoireachta McCool and Green, 17 Foyle Street, Derry, a d'fhoilsigh leabhair do 'Chumann Liteardha Chúigidh Uladh.'[24] Is mithid an scéal seo a

---

[21] 'Meadhon Leabhar do Chumann Liteardha Chúigidh Uladh' (Brún agus Ó Nóláin Teo., g.d.). Seo a leanas clár an leabhair: Náduracht Madaidh, Biotailte, Colm Cille, A Mhuire na nGrás, Mallacht na Spídeóige, An Rud is Lugha ar bith Orainn b'fhéidir gur le n-ár leas uilig é, Clann Lir, Pádruig, Pádraic Sáirséal, Fir Dhearga ins na Cnuic Gharbha, Cnuic Thír Chonaill, An Chaora, An Chaora Bheag Dhíleas, Crainn, Comhairle an tSeanduine, A Rí Tá Mé gan Bhrígh ag Bun na Crí, Oidhche Chinn Féile.

[22] Tá saothar spéisiúil ansin, mar atá, scéalta béaloidis, aistí a bhaineas le saol na Rosann, le ceist na teanga agus ábhar foghlama. Foilsíodh alt leis fosta ar *An Crann* fosta (Uimh. 16 (F. Pádr. 1922) 23-5.

[23] *The Derry Journal* (6.1.22, 6).

[24] Tá tagairt déanta do Chumann Litríochta Chúige Uladh ar *Misneach* (29.4.22, 6). Tá an fógra seo a leanas faoin teideal 'Cumann Liteardhachta Cúigidh Uladh' le fáil ar *An Crann* , Uimh. 16 (F. Pádraig, 1922):

'At a meeting summoned by the Ulster members of the Coiste Gnotha of the Gaelic League and held in Strabane on the 28th December, 1921, it was decided to form a society to be known as 'Cumann Liteardhachta Cúigidh Uladh' for the furtherance of the Irish Language Movement in Ulster. The following six members - Rev. T. Bradley, Sean Mac Menamin, Sean Mac Maolain, Seamus O'Grianna, Antoin O'Doherty, Finn Mac Cool - were appointed to edit a series of School Books in Ulster Irish with uniform spelling throughout. The undersigned members were appointed as an Organisation Committee for the New Society: Rev. H. Mac Dwyer, P.P. Carrick. Rev. P. O'Boyle, Professor St. Eunan's, Letterkenny, Rev. M. McCarville, C.C., St. Joseph's Orphanage, Bundoran, Mr. P. Mc Donald, B.A., Ardnagreen, Carrickmore, Mr. Sean Mac Maolain, 59 Earlscourt St., Belfast, Mr. A. O'Doherty, N.T., Falcarragh.'

Seo a leanas cuntas ar chruinniú eile a bhí ag an Chumann: *'A very pleasing feature of the proceedings was the announcement that matter for six new books - school readers and novels - by the foremost writers in the*

fhiosrú sular féidir stair chuimsitheach na Gaeilge i nDún na nGall agus i gCúige Uladh le céad bliain anuas a scríobh.

[Foilsíodh an aiste seo ‘Fiannaíocht: Scian go mBuaidh le Fionn Mac Cumhaill’ in *Feasta*, Iml. 55, Uimh. 1 (2002) 14-18.]

---

province, was offered to the society for publication... it may be remarked that the advent of a writer, considered by those who have seen his work to be second to none in Ireland, was heralded at the Strabane meeting. Judging by the success which has attended the society's efforts since its establishment in December, 1921, a great future is in store for it, and for the literature, which it will foster as zealously as circumstances permit' (*The Derry Journal*, 24.4.22, 2).